


# Lá Breá Fómhair

Lá amháin i **Mí Meán Fómhair** chuaigh Nóra agus a cara ag rothaíocht faoin tuath. Bhí an ghrian ag taitneamh cé nach raibh **mórán teasa** uaithi. Nuair a shroich siad Cnoc na Fírinne tháinig siad anuas de na rothair. Suas leo go barr an chnoic mar a raibh **radharc iontach** acu. I bhfad thíos fúthu chonaic siad feirmeoirí **ag baint na mbarraí.** I bpáirceanna anseo agus ansiúd bhí ba **ag iníor** agus cuid acu ina luí go **suaimhneach.** Ar aghaidh leo go dtí an choill i Ros Mór. Ar an tslí dóibh chonaic siad **fáinleoga ag cruinniú** ar **shreanga teileagraf.** Bhí siad ag ullmhú don turas fada dian go dtí na tíortha teo. Isteach sa choill leo mar a raibh na duilleoga **ildaite** ag titim anuas. Ba bhreá bheith ag féachaint ar na dathanna — órga, buí, donn, dearg. Bhí **cairpéad** deas duilleoga faoi chosa na bpáistí agus iad ag siúl. Bhailigh siad samplaí de na duilleoga éagsúla. Bhí **síolta an tseiceamair ar eite** ar fud na coille. I lár na coille bhí **dair** amháin agus thíos faoi bhí **dearcáin** agus **cupa dearcáin** ar an talamh. Chonaic na páistí iora rua **ag iompar** dearcáin leis isteach i bpoll sa chrann. Sular tháinig siad abhaile bhailigh na cailíní **sméara dubha.** Rinne Mamaí **subh** mhilis de na sméara dubha.

## A. Foclóir

**ag iníor,** grazing
**go suaimhneach,** peacefully
**sreanga teileagraf,** telegraph wires
**seiceamar,** sycamore
**dair,** oak
**dearcáin,** acorns
**iora rua,** squirrel

**Seanfhocail:**
Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal.
Sciordann éan as gach ealt.
Is gaire cabhair Dé ná an doras.

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé chuaigh ag rothaíocht faoin tuath?
   — Tomás agus a chara.
   — Nóra agus a cara.
   — múinteoirí ón scoil.
2. Cad a bhí á dhéanamh ag na feirmeoirí?
   — Bhí siad ag cur na síolta.
   — Bhí siad ag léamh nuachtán.
   — Bhí siad ag baint na mbarraí.
3. Cá raibh na fáinleoga ag cruinniú?
   — ar shreanga teileagraf.
   — ar dhíon an tí.
   — ar na crainn.
4. Cad a bhí ar siúl ag na fáinleoga?
   — Bhí siad ag canadh go binn.
   — Bhí siad ag ullmhú don turas fada.
   — Bhí siad ag troid lena chéile.

## C. Líon isteach na bearnaí:

1. I bpáirceanna anseo agus ansiúd bhí ba --.
2. Istigh sa choill bhí na - - ag titim anuas.
3. Bhí - - - faoi chosa na bpáistí.
4. Thíos faoin dair bhí - agus - - ar an talamh.

## D. Scríobh síos na *ceisteanna:*

m/sh.: (1) I Mí Meán Fómhair a chuaigh siad ag rothaíocht.
**Ceist:** Cathain a chuaigh siad ag rothaíocht?
(2) Tháinig siad anuas de na rothair.
**Ceist:** Cad a rinne ----------.
(3) Bhí dathanna órga, buí, donn agus dearg ar na duilleoga.
(4) Bhailigh siad samplaí de na duilleoga éagsúla.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. An raibh éinne in éineacht le Nóra an lá sin?
2. Cén t-ainm a bhí ar an gcnoc?
3. Cén fáth a ndeachaigh siad go barr an chnoic?
4. Cad iad na crainn a bhí ag fás sa choill?
5. Cén fáth a raibh a lán dathanna ar na duilleoga?
6. Cá ndeachaigh na fáinleoga ag deireadh an Fhómhair?
7. Ainmnigh míonna an Fhómhair.

## Gramadach 4

1. I bhfad thíos fúthu chonaic siad na feirmeoirí ag obair.
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse.)
2. Ba bhreá bheith **ag féachaint ar na dathanna.**
   rith/sna páirceanna, oibrigh/sa ghairdín.
   deisigh/an seomra.
3. **Scéal**
   Sroicheann Liam an scoil ar a naoi a chlog gach lá. Osclaíonn sé a mhála agus tógann sé amach an leabhar léitheoireachta. Leanann sé den léitheoireacht ar feadh tamaill. Ansin dúnann sé an leabhar agus cuireann sé ar ais sa mhála é. Iarrann an máistir air an clárdubh a ghlanadh. Glanann sé leis an nglantóir é agus suíonn sé síos.

   Scríobh an scéal arís ag tosú mar seo:
   Sroichim an scoil . . .